RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/708 ÓN gCOIMISIÚN

an 20 Márta 2023

lena ndeonaítear údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "HYPO-CHLOR Product Family" i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 44(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Nollaig 2018, chuir Veltek Associates Inc. Europe iarratas faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ("an Ghníomhaireacht"), i gcomhréir le hAirteagal 43(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ar údarú Aontais le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha ar a dtugtar "HYPO-CHLOR Product Family" de chineál táirge 2, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, agus thug sé daingniú i scríbhinn gur chomhaontaigh údarás inniúil na Fraince measúireacht a dhéanamh ar an iarratas. Taifeadadh an t-iarratas faoi chás-uimhir BC-EF047438-44 sa Chlár do Tháirgí Bithicídeacha.

(2) Is é clóirín gníomhach a scaoileadh ó hipeaclóiríd sóidiam substaint ghníomhach "HYPO-CHLOR Product Family" ar substaint é a áirítear sa liosta Aontais de shubstaintí gníomhacha formheasta dá dtagraítear in Airteagal 9(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás chineáil táirge 2.

(3) An 24 Lúnasa 2021, rinne an t-údarás inniúil measúireachta tuarascáil ar an measúnú agus conclúidí a mheastóireachta a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta, i gcomhréir le hAirteagal 44(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(4) An 23 Márta 2022, chuir an Ghníomhaireacht a tuairim ([2]) faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 44(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, lena n-áirítear an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh ("SPC") atá ag "HYPO-CHLOR Product Family", maille leis an tuarascáil dheireanach ar mheasúnú i ndáil leis an bhfine táirgí bithicídeacha.

(5) Sa tuairim sin, déantar an cinneadh gur fine táirgí bithicídeacha atá in "HYPO-CHLOR Product Family" de réir bhrí Airteagal 3(1)(s) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, gur fine í atá incháilithe le haghaidh údarú Aontais i gcomhréir le hAirteagal 42(1) den Rialachán sin agus, faoi réir na dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a chomhlíonadh, go gcomhlíonann sí na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 19(1) agus (6) den Rialachán sin.

(6) An 12 Aibreán 2022, rinne an Ghníomhaireacht an dréacht-achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a tharchur chuig an gCoimisiún i dteangacha oifigiúla uile an Aontais i gcomhréir le hAirteagal 44(4) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(7) Aontaíonn an Coimisiún le tuairim na Gníomhaireachta agus measann sé gurb iomchuí, dá bhrí sin, údarú Aontais le haghaidh "HYPO-CHLOR Product Family" a dheonú.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.

([2]) Tuairim ó ECHA an 3 Márta 2022 maidir leis an údarú ón Aontas le haghaidh na fine táirgí bithicídeacha "Hypo-Chlor product family" (ECHA/BPC/321/2022), https://echa.europa.eu/bpc-opinions-on-union-authorisation.

(8) Sa tuairim ón nGníomhaireacht, molann sí go ndéanfaidh sealbhóir an údaraithe tástáil um chobhsaíocht stórála comhthimpeallaí fadtéarmaí le haghaidh táirgí i meitea-SPC 2A agus 2B sa phacáistíocht tráchtála ina gcuirfear an táirge ar fáil ar an margadh, mar choinníoll san údarú. Ba cheart aghaidh a thabhairt sa tástáil ar airíonna ábhartha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla na dtáirgí sin roimh an stóráil agus ina diaidh, chun seilfré 24 mhí a dheimhniú. Aontaíonn an Coimisiún leis an moladh sin agus measann sé gur cheart cur isteach thorthaí na tástála sin a bheith ina choinníoll maidir leis an bhfine táirgí bithicídeacha "HYPO-CHLOR Product Family" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid de bhun Airteagal 22(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Sonraí a bheith le soláthar tar éis dheonú an údaraithe, measann an Coimisiún gur rud é sin nach ndéanann difear don chonclúid maidir le comhlíonadh an choinníll faoi Airteagal 19(1), pointe (d), den Rialachán sin ar bhonn na sonraí atá ann cheana.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Deonaítear údarú Aontais darb uimhir údaraithe EU-0028423-0000 do Veltek Associates Inc. Europe maidir leis bhfine táirgí bithicídeacha "HYPO-CHLOR Product Family" a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid i gcomhréir leis na téarmaí agus na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus i gcomhréir leis an achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

Tá an t-údarú ón Aontas bailí ón 20 Aibreán 2023 go dtí an 31 Márta 2033.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Márta 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA (EU-0028423-0000)

Déanfaidh sealbhóir an údaraithe tástáil um chobhsaíocht stórála comhthimpeallaí fadtéarmaí le haghaidh táirgí i meitea-SPC 2A agus 2B sa phacáistíocht tráchtála ina gcuirfear an táirge ar fáil ar an margadh. Sa tástáil um chobhsaíocht stórála comhthimpeallaí fadtéarmaí, tabharfar aghaidh ar airíonna ábhartha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla na dtáirgí sin idir roimh an stóráil agus ina diaidh, i gcomhréir le roinn 2.6.4 de *Guidance on the Biocidal Products Regulation Volume I: Identity of the active substance/physico-chemical properties/analytical methodology – Information Requirements, Evaluation and Assessment (ECHA, March 2022)* [1] [Treoraíocht maidir le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha Imleabhar I: Aitheantas na substainte gníomhaí/na n-airíonna fisiciceimiceacha/na modheolaíochta anailísí (ECHA, Márta 2022)], chun seilfré 24 mhí a dheimhniú.

Faoin 20 Deireadh Fómhair 2023 cuirfidh sealbhóir an údaraithe torthaí na tástála faoi bhráid na Gníomhaireachta.

[1] https://echa.europa.eu/documents/10162/23036412/bpr_guidance_vol_i_parts_abc_en.pdf/31b245e5-52c2-f0c7-04db-8988683cbc4b

IARSCRÍBHINN II

Achoimre ar shaintréithe an táirge le haghaidh tacar táirgí bithicídeacha

HYPO-CHLOR Product Family

Cineál táirge 2 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

Uimhir an údaraithe: EU-0028423-0000

Uimhir sócmhainne R4BP: EU-0028423-0000

CUID I

AN CHÉAD LEIBHÉAL FAISNÉISE

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN

1.1. **Ainm an tacair**

Ainm	HYPO-CHLOR Product Family

1.2. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

1.3. **Sealbhóir an údaraithe**

Ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe	Ainm	Veltek Associates Inc. Europe
	Seoladh	Rozengaard 1940, 8212DT Lelystad An Ísiltír
Uimhir an údaraithe	EU-0028423-0000	
Uimhir sócmhainne R4BP	EU-0028423-0000	
Dáta an údaraithe	an 20 Aibreán 2023	
Dáta éaga an údaraithe	an 31 Márta 2033	

1.4. **Déantóir/déantóirí na dtáirgí bithicídeacha**

Ainm an déantóra	Veltek Associates, Inc.
Seoladh an déantóra	15 Lee Blvd., PA19355 Malvern Stáit Aontaithe Mheiriceá
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	15 Lee Blvd., PA19355 Malvern Stáit Aontaithe Mheiriceá

1.5. **Déantóir (nó déantóirí) na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha**

Substaint ghníomhach	clóirín gníomhach a scaoileadh ó hypochlorite sóidiam

Ainm an déantóra	Univar USA Inc.
Seoladh an déantóra	532 E. Emaus Street, Pennsylvania 17057 Middleton Stáit Aontaithe Mheiriceá
Suíomh na láithreán déantúsaíochta	532 E. Emaus Street, Pennsylvania 17057 Middleton Stáit Aontaithe Mheiriceá

2. COMHDHÉANAMH AGUS FOIRMLIÚ AN TACAIR TÁIRGÍ

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh an tacair**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
clóirín gníomhach a scaoileadh ó hypochlorite sóidiam		Substaint Ghníomhach			0,25	0,5
Hypochlorite sóidiam	Hypochlorite sóidiam	Substaint neamhghníomhach	7681-52-9	231-668-3	1,95	4,21

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Réidh le húsáid

CUID II

AN DARA LEIBHÉAL FAISNÉISE - SPC(ANNA) META

META SPC 1

1. Faisnéis riaracháin Meta SPC 1

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 1**

Aitheantóir	Meta SPC 2A

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-1

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

2. COMHDHÉANAMH META SPC 1

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 1**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
clóirín gníomhach a scaoileadh ó hypochlorite sóidiam		Substaint Ghníomhach			0,25	0,25
Hypochlorite sóidiam	Hypochlorite sóidiam	Substaint neamhghníomhach	7681-52-9	231-668-3	1,95	2,0

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 1**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Réidh le húsáid

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 1

Ráitis ghuaise	Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí buana.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Ionsúigh doirteadh chun damáiste ábhartha a chosc. Stóráil i gcoimeádán frithchreimneach ina bhfuil líneáil inmheánach dhíonach. Diúscair ábhar chuig de réir na rialála áitiúla.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 1

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 1

Úsáid # 1 – Úsáid dhífhabhtánach, bhaictéiricídeach, fhuingicídeach agus spóraicídeach - Meitea-SPC 2A

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Cillíní baictéaracha Ainm eolaíoch: Speicis ghiosta Gnáthainm: Giostaí ceallacha Céim na forbartha: Giostaí ceallacha Ainm eolaíoch: Fungais Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: Fungais

	Ainm eolaíoch: Spóir bhaictéaracha Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha Céim na forbartha: Spóir bhaictéaracha
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Le dromchlaí, ábhair agus trealamh crua neamhscagach neamhbheo a dhíghalrú nach n-úsáidtear le teagmháil dhíreach a dhéanamh le bia nó le hábhair bheatha (seachas don earnáil liachta agus d'úsáidí clúdaithe ag Rialachán (AE) 2017/745 ar ghléasanna liachta). Tá an dífhabhtán le húsáid i saoráidí déantúsaíochta, na limistéir sheomra íonghlain san áireamh a dtagtar orthu sna tionscail chógaisíochta, bhithchógaisíochta, feistí leighis agus dhiagnóiseacha nach bhfuil gníomh meicniúil ar bun iontu. Seomra íonghlan amháin do tháirgí maolánaithe.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Mapáil, ceirt, ceirtín, tumadh nó spraeáil (spraeire comhbhrúite 1-3 bhar nó spraeire truicir). Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ná húsáidtear ach spraeire truicir do tháirgí maolánaithe.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Réidh le húsáid. Airí caolaithe: - Airí uainithe: Déan an táirge a chur mar is gá. Am na teagmhála: — Cóireáil bhaictéiricídeach, ghiostaicídeach agus fhuingicídeach: 8 nóiméad. — Cóireáil spóraicídeach: 40 nóiméad. Teocht an tseomra Dálaí glana
Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal Poileitiléin ard-dlúis (HDPE) 100 ml in aghaidh 10 lítear (i méideanna áirithe pacáiste, soláthraítear na truicir ach ní cheanglaítear leis an mbuidéal iad). Buidéal SimpleMix HDPE 473 ml agus 3,79 lítear ina bhfuil buidéal poileitiléin íseal-dlúis (LDPE) níos lú taobh istigh. Druma HDPE 200 lítear.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

— Ná húsáid níos mó ná 35 ml/m^2

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

-

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([1]) MAIDIR LE META SPC 1

5.1. **Treoracha úsáide**

— Cloígh leis na treoracha úsáide.

— Úsáid an táirge laistigh de 24 uair tar éis an tuaslagán maolánach a chur leis (i gcás HYPO-CHLOR® Neutral 0,25 % amháin) le húsáid éifeachtúil a chinntiú.

— Cuir le fios do shealbhóir an údaraithe má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.

— Glan na dromchlaí go dian sula scaiptear an táirge.

— Ná cuir ach ar dhromchlaí neamhscagacha.

— Má tá mapa/ceirt/ceirtín á úsáid, cuir an táirge (déan é a spraeáil/a dhoirteadh) ar an dromchla atá le díghalrú agus úsáid ceirt/mapa/ceirtín ansin leis an táirge a scaipeadh go cothrom ar an dromchla.

— Cinntigh dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán leis an táirge. Ceadaigh don táirge dul in éifeacht don am teagmhála riachtanach.

— Sruthlaigh dromchlaí tar éis an ama teagmhála. Ceadaigh don dromchla triomú san aer nó triomaigh trína chuimilt.

— Ní chuimsíonn an t-údarú seo úsáid i gcomhair díghalraithe uirlisí agus ábhair clúdaithe ag Rialachán (AE) 2017/745 Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

Rialachán (AE) 2017/745 Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 5ú Aibreáin 2017 maidir le feistí leighis, lena leasaítear Treoir 2001/83/EC, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 agus Rialachán (CE) Uimh. 1223/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 90/385/CEE ón gComhairle agus Treoir 93/42/CEE (IO L117, 5.5.2017, p.1).

— Níor cheart táirgí a úsáid i gcomhar le haigéid nó amóinia.

— I gcás spraeire truicir (táirgí maolánaithe), ná cuir an táirge ach ar dhromchlaí beaga.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

— Caith cosaint riospráide: íosmhéid APF 4 chun forchurtha agus sruthlaithe le sprae comhbhrúite (1-3 barra).

— Cinntigh nach bhfuil daoine timpeall sa limistéar cóireála le linn próisis díghalraithe le sprae comhbhrúite (1-3 barra). Más gá go mbeidh daoine timpeall, ba chóir dóibh an TCR agus TCP céanna leis an úsáideoir a chaitheamh.

— Beidh ráta aeraithe ar a laghad 20/h do tháirgí maolánaithe (i gcás HYPO-CHLOR® Neutral 0,25 % amháin)

— Seachain gach nochtadh neamhriachtanach.

— Ná cuir an táirge go díreach ar ná i ngar do bhia, beathú nó deochanna, ná ar dhromchlaí nó uirlisí is dóchúil a dhéanfaidh teagmháil dhíreach le bia, beathú, deochanna agus beostoc.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— MÁ TÁ SÉ AR AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le huisce. Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— I gCÁS INA mBEIDH AN TÁIRGE SNA SÚILE: Má thagann comharthaí ort, sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca amhlaidh a dhéanamh. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

([1]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 1.

— I gCÁS INA n-ANÁLÓFAR AN GHAL: Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— Bí cinnte go bhfuil and gabhdán nó an lipéad ar fáil.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

— Ná scaoil aon táirge neamhúsáidte ar an talamh, isteach i gcúrsaí uisce, isteach sa phíobaire (doirteal, leithris, srl) ná síos na draenacha.

— Déan an táirge neamhúsáidte, a chuid phacáistiú agus gach dramhaíl eile a dhiúscairt, de réir na rialachán áitiúil

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

— Ná stóráil os cionn 30 °C.

— Cosain ón sioc é.

— Cosain ó sholas díreach gréine.

— Seilfré: 24 mhí

6. FAISNÉIS EILE

-

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 1

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	HYPO-CHLOR NEUTRAL 0,25 %		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028423-0001 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
clóirín gníomhach a scaoileadh ó hypochlorite sóidiam		Substaint Ghníomhach			0,25
Hypochlorite sóidiam	Hypochlorite sóidiam	Substaint neamhghníomhach	7681-52-9	231-668-3	1,95

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	HYPO-CHLOR 0,25 %		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028423-0002 1-1				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
clóirín gníomhach a scaoileadh ó hypochlorite sóidiam		Substaint Ghníomhach			0,25
Hypochlorite sóidiam	Hypochlorite sóidiam	Substaint neamhghníomhach	7681-52-9	231-668-3	2,0

Meta SPC 2

1. FAISNÉIS RIARACHÁIN META SPC 2

1.1. **Aitheantóir Meta SPC 2**

Aitheantóir	Meta SPC 2B

1.2. **Iarmhír na huimhreach údaraithe**

Uimhir	1-2

1.3. **Cineál nó cineálacha táirge**

Cineál nó cineálacha táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)

2. COMHDHÉANAMH META SPC 2

2.1. **Faisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil faoi chomhdhéanamh meta SPC 2**

Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)	
					Íosta	Uasta
clóirín gníomhach a scaoileadh ó hypochlorite sóidiam		Substaint Ghníomhach			0,47	0,5
Hypochlorite sóidiam	Hypochlorite sóidiam	Substaint neamhghníomhach	7681-52-9	231-668-3	3,92	4,21

2.2. **Cineál/cineálacha foirmlithe meta SPC 2**

Foirmliú (nó foirmlithe)	AL - Réidh le húsáid

3. RÁITIS GHUAISE AGUS RÉAMHCHÚRAIM META SPC 2

Ráitis ghuaise	D'fhéadfadh a bheith creimneach do mhiotail. Díobhálach don saol uisceach le héifeachtaí buana.
Ráitis réamhchúraim	Coimeád i bpacáistiú bunaidh amháin. Seachain scaoileadh isteach sa chomhshaol. Ionsúigh doirteadh chun damáiste ábhartha a chosc. Stóráil i gcoimeádán frithchreimneach ina bhfuil líneáil inmheánach dhíonach. Diúscair ábhar chuig de réir na rialála áitiúla.

4. ÚSÁID/ÚSÁIDÍ ÚDARAITHE META SPC 2

4.1. **Tuairisc úsáide**

Tábla 2

Úsáid # 1 – Úsáid dhífhabhtánach, bhaictéiricídeach, fhuingicídeach, agus spóraicídeach - Meitea-SPC2

An cineál táirge	PT02 - Dífhabhtáin agus ailgicídí nach bhfuil beartaithe le húsáid go díreach ar dhaoine ná ar ainmhithe (Dífhabhtáin)
Más iomchuí, tuairisc bheacht ar an úsáid údaraithe	-
Spriocorgánach (nó spriocorgánaigh) (lena n-áirítear céim na forbartha)	Ainm eolaíoch: Spóir bhaictéaracha Gnáthainm: Spóir bhaictéaracha Céim na forbartha: Spóir bhaictéaracha Ainm eolaíoch: Baictéir Gnáthainm: Baictéir Céim na forbartha: Cillíní baictéaracha Ainm eolaíoch: Speicis ghiosta Gnáthainm: Giostaí ceallacha Céim na forbartha: Giostaí ceallacha Ainm eolaíoch: Fungais Gnáthainm: Fungais Céim na forbartha: Fungais
Réimse (nó réimsí) úsáide	Faoi dhíon Le dromchlaí, ábhair agus trealamh crua neamhscagach neamhbheo a dhíghalrú nach n-úsáidtear le teagmháil dhíreach a dhéanamh le bia nó le hábhair bheatha (seachas don earnáil leighis). Tá an dífhabhtán le húsáid i saoráidí déantúsaíochta, na limistéir sheomra íonghlain san áireamh a dtagtar orthu sna tionscail chógaisíochta, bhithchógaisíochta, feistí leighis agus dhiagnóiseacha nach bhfuil gníomh meicniúil ar bun iontu. Seomra íonghlan amháin do tháirgí maolánaithe.
Modh (nó modhanna) úsáide	Airí modha: Mapáil, ceirt, ceirtín, tumadh nó spraeáil (spraeire comhbhrúite 1-3 bhar nó spraeire truicir). Tuairisc mhionsonraithe ar an airí: Ná húsáidtear ach spraeire truicir do tháirgí maolánaithe. Féach na treoracha úsáide chun teacht ar bhreis sonraí.
Ráta (nó rátaí) agus minicíocht feidhmithe	Airí úsáide: Réidh le húsáid. Airí caolaithe: Neamhbhainteach Airí uainithe: Déan an táirge a chur mar is gá. Am na teagmhála: — Cóireáil bhaictéiricídeach, ghiostaicídeach agus fhuingicídeach: 8 nóiméad. — Cóireáil spóraicídeach: 40 nóiméad. Teocht an tseomra Dálaí glana

Catagóir (nó catagóirí) úsáideoirí	Tionsclaíoch
Méideanna paca agus ábhar pacáistíochta	Buidéal Poileitiléin ard-dlúis (HDPE) 100 ml in aghaidh 10 lítear (i méideanna áirithe pacáiste, soláthraítear na truicir ach ní cheanglaítear leis an mbuidéal iad). Buidéal Simple Mix HDPE 473 ml agus 3,79 lítear ina bhfuil buidéal poileitiléin íseal-dlúis (LDPE) níos lú taobh istigh. Druma HDPE 200 lítear.

4.1.1. *Treoracha úsáidsonracha úsáide*

— Ná húsáid níos mó ná 35 ml/m^2

4.1.2. *Bearta úsáidsonracha maolaithe riosca*

-

4.1.3. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint*

-

4.1.4. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, na treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte*

-

4.1.5. *I gcás ina mbaineann sé go sonrach le húsáid, coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála*

-

5. TREORACHA GINEARÁLTA ÚSÁIDE ([2]) MAIDIR LE META SPC 2

5.1. **Treoracha úsáide**

— Cloígh leis na treoracha úsáide.

— Úsáid an táirge laistigh de 24 uair tar éis an tuaslagán maolánach a chur leis (i gcás HYPO-CHLOR® Neutral 0,52 % amháin) le húsáid éifeachtúil a chinntiú.

— Cuir le fios do shealbhóir an údaraithe má bhíonn an chóireáil neamhéifeachtach.

— Glan na dromchlaí go dian sula scaiptear an táirge.

— Ná cuir ach ar dhromchlaí neamhscagacha.

— Má tá mapa/ceirt/ceirtín á úsáid, cuir an táirge (déan é a spraeáil/a dhoirteadh) ar an dromchla atá le díghalrú agus úsáid ceirt/mapa/ceirtín ansin leis an táirge a scaipeadh go cothrom ar an dromchla.

— Cinntigh dromchlaí a fhliuchadh go hiomlán leis an táirge. Ceadaigh don táirge dul in éifeacht don am teagmhála riachtanach.

— Sruthlaigh dromchlaí tar éis an ama teagmhála. Ceadaigh don dromchla triomú san aer nó triomaigh trína chuimilt.

— Ní chuimsíonn an t-údarú seo úsáid i gcomhair díghalraithe uirlisí agus ábhair clúdaithe ag Rialachán (AE) 2017/745 Pharlaimint na hEorpa agus an Chomhairle.

— Níor cheart táirgí a úsáid i gcomhar le haigéid nó amóinia.

— I gcás spraeire truicir (táirgí maolánaithe), ná cuir an táirge ach ar dhromchlaí beaga.

([2]) Tá treoracha úsáide, bearta maolaithe riosca agus treoracha eile faoin roinn seo bailí le haghaidh aon úsáidí údaraithe laistigh de meta SPC 2.

5.2. **Bearta maolaithe riosca**

— Caith cosaint riospráide: íosmhéid APF 4 chun forchurtha agus sruthlaithe le sprae comhbhrúite (1-3 barra).

— Cinntigh nach bhfuil daoine timpeall sa limistéar cóireála le linn próisis díghalraithe le sprae comhbhrúite (1-3 barra). Más gá go mbeidh daoine timpeall, ba chóir dóibh an TCR agus TCP céanna leis an úsáideoir a chaitheamh.

— Beidh ráta aeraithe ar a laghad 20/h do tháirgí maolánaithe (i gcás HYPO-CHLOR® Neutral 0,52 % amháin)

— Seachain gach nochtadh neamhriachtanach.

— Ná cuir an táirge go díreach ar ná i ngar do bhia, beathú nó deochanna, ná ar dhromchlaí nó uirlisí is dóchúil a dhéanfaidh teagmháil dhíreach le bia, beathú, deochanna agus beostoc.

5.3. **Sonraí maidir le héifeachtaí díreacha nó indíreacha dóchúla, treoracha garchabhrach agus bearta éigeandála chun an comhshaol a chosaint**

— MÁ TÁ SÉ AR AN gCRAICEANN: Nigh an craiceann le huisce. Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— I gCÁS INA mBEIDH AN TÁIRGE SNA SÚILE: Má thagann comharthaí ort, sruthlaigh le huisce. Bain lionsaí tadhaill, más ann dóibh agus más éasca amhlaidh a dhéanamh. Cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— MÁ SHLOGTAR AN TÁIRGE: Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— I gCÁS INA n-ANÁLÓFAR AN GHAL: Má thagann comharthaí ort, cuir glaoch ar IONAD NIMHE nó ar dhochtúir.

— Bí cinnte go bhfuil and gabhdán nó an lipéad ar fáil.

5.4. **Treoracha chun an táirge agus a phacáistiú a dhiúscairt go sábháilte**

— Ná scaoil aon táirge neamhúsáidte ar an talamh, isteach i gcúrsaí uisce, isteach sa phíobaire (doirteal, leithris, srl) ná síos na draenacha.

— Déan an táirge neamhúsáidte, a chuid phacáistiú agus gach dramhaíl eile a dhiúscairt, de réir na rialachán áitiúil

5.5. **Coinníollacha stórála agus seilfré an táirge de réir na ngnáthdhálaí stórála**

— Ná stóráil os cionn 30 °C.

— Cosain ón sioc é.

— Cosain ó sholas díreach gréine.

— Seilfré: 24 mhí

6. FAISNÉIS EILE

-

7. AN TRÍÚ LEIBHÉAL FAISNÉISE: TÁIRGÍ AONAIR I META SPC 2

7.1. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	HYPO-CHLOR 0,52 %		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028423-0003 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
clóirín gníomhach a scaoileadh ó hypochlorite sóidiam		Substaint Ghníomhach			0,5
Hypochlorite sóidiam	Hypochlorite sóidiam	Substaint neamhghníomhach	7681-52-9	231-668-3	4,21

7.2. **Trádainm (nó trádainmneacha), uimhir údaraithe agus comhdhéanamh sonrach gach táirge aonair**

Trádainm (nó trádainmneacha)	HYPO-CHLOR NEUTRAL 0,52 %		Réimse margaidh: EU		
Uimhir an údaraithe	EU-0028423-0004 1-2				
Gnáthainm	Ainm IUPAC	Feidhm	Uimhir CAS	Uimhir CE	Cion (%)
clóirín gníomhach a scaoileadh ó hypochlorite sóidiam		Substaint Ghníomhach			0,47
Hypochlorite sóidiam	Hypochlorite sóidiam	Substaint neamhghníomhach	7681-52-9	231-668-3	3,92